2026/513

23.4.2026

RIALACHÁN (AE) 2026/513 ÓN gCOMHAIRLE

an 23 Aibreán 2026

lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 765/2006 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Bhealarúis agus rannpháirtíocht na Bealarúise san fhogha arna thabhairt ag an Rúis faoin Úcráin

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 215 de,

Ag féachaint do Chinneadh (CBES) 2026/512 an 23 Aibreán 2026 ón gComhairle lena leasaítear Cinneadh 2012/642/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Bhealarúis agus rannpháirtíocht na Bealarúise san fhogha arna thabhairt ag an Rúis faoin Úcráin [1] ,

Ag féachaint don togra comhpháirteach ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála agus ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 18 Bealtaine 2006, ghlac an Chomhairle Rialachán (CE) Uimh. 765/2006 [2].

(2) Le Rialachán (CE) Uimh. 765/2006, tugtar éifeacht do bhearta áirithe dá bhforáiltear i gCinneadh 2012/642/CBES ón gComhairle [3].

(3) An 23 Aibreán 2026, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2026/512 , lena leasaítear Cinneadh 2012/642/CBES.

(4) Le Cinneadh (CBES) 2026/512, meastar é a bheith iomchuí leathnú a dhéanamh ar liosta na n-earraí a d'fhéadfadh rannchuidiú le feabhsú míleata agus teicneolaíoch na Bealarúise nó le forbairt a hearnála cosanta agus slándála, trí earraí a liostú a d'úsáid an Rúis ina cogadh foghach ar an Úcráin chomh maith le hearraí a rannchuidíonn le forbairt nó táirgeadh córas míleata na Bealarúise, lena n-áirítear earraí gloine saotharlainne, agus bealaí ardfheidhmíochta áirithe agus a mbreiseáin.

(5) Le Cinneadh (CBES)2026/512, meastar é a bheith iomchuí leathnú a dhéanamh ar liosta na n-earraí atá faoi réir srianta ar onnmhairiú a d'fhéadfadh rannchuidiú le feabhas a chur ar acmhainneachtaí tionsclaíocha na Bealarúise, amhail ceimiceáin, rubar agus earraí rubair bholcánaithe, earraí cruach, uirlisí le haghaidh táirgeadh miotail agus tarracóirí tionsclaíocha.

(6) Chun an baol go rachfaí timpeall ar bhearta sriantacha a laghdú, le Cinneadh (CBES) 2026/512 meastar gur iomchuí liosta na n-earraí agus na teicneolaíochta atá faoi réir an toirmisc ar idirthuras trí chríoch na Bealarúise a leathnú.

(7) Le Cinneadh (CBES) 2026/512 forchuirtear srianta breise ar sholáthar seirbhísí do Phoblacht na Bealarúise, dá Rialtas, dá comhlachtaí poiblí, dá corparáidí nó dá gníomhaireachtaí agus do dhaoine nádúrtha nó dlítheanacha, d'eintitis nó do chomhlachtaí atá ag gníomhú thar a gceann nó faoina stiúir, ar seirbhísí iad a rannchuidíonn le feabhas a chur ar chumais theicneolaíocha na Bealarúise, go háirithe soláthar seirbhísí slándála bainistithe.

[1] IO L, 2026/512, 23.4.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2026/512/oj.
[2] Rialachán (CE) Uimh. 765/2006 ón gComhairle an 18 Bealtaine 2006 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Bhealarúis agus rannpháirtíocht na Bealarúise san fhogha arna thabhairt ag an Rúis faoin Úcráin (IO L 134, 20.5.2006, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2006/765/oj).
[3] Cinneadh 2012/642/CBES ón gComhairle an 15 Deireadh Fómhair 2012 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Bhealarúis agus rannpháirtíocht na Bealarúise san fhogha arna thabhairt ag an Rúis faoin Úcráin (IO L 285, 17.10.2012, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2012/642/oj).

(8) Thairis sin, le Cinneadh (CBES) 2026/512 cuirtear srian le soláthar seirbhísí a bhaineann go díreach le gníomhaíochtaí turasóireachta sa Bhealarúis, go háirithe na seirbhísí sin a aicmítear in aicmí 7471 agus 7472 den Aicmiú Lárnach Táirgí iad, mar a leagtar amach in Oifig Staidrimh na Náisiún Aontaithe, Páipéir Staidrimh, Sraith M, Uimh. 77, ALT sealadach, 1991, é. Déantar an méid sin chun an t-ioncam a fhaigheann an Bhealarúis ó na seirbhísí sin a laghdú agus chun cur chun cinn taistil neamhriachtanaigh agus gníomhaíochtaí fóillíochta chuig an mBealarúis a dhíspreagadh, go háirithe i gcomhthéacs ina bhfuil baol méadaithe ann go ndéanfar náisiúnaigh den Aontas a ghabháil go treallach agus a choinneáil go treallach, agus i gcomhthéacs ina bhfuil teorainn leis an gcosaint chonsalach le haghaidh daoine a bhfuil dénáisiúntacht acu.

(9) Le Cinneadh (CBES) 2026/512, tugtar isteach freisin díolúine ón gceanglas maidir le réamhúdarú le haghaidh seirbhísí a sholáthraítear do Phoblacht na Bealarúise, dá Rialtas, dá comhlachtaí poiblí, dá corparáidí nó dá gníomhaireachtaí nach bhfuil faoi réir na mbeart sriantach a leagtar amach i Rialachán (CE) Uimh. 765/2006 cheana i gcás ina bhfuil géarghá leis na seirbhísí sin maidir le feidhmiú ionadaíochta consalaí nó taidhleoireachta de chuid na Bealarúise atá lonnaithe i mBallstát.

(10) Ina theannta sin, le Cinneadh (CBES) 2026/512, meastar é a bheith iomchuí toirmisc bhreise a thabhairt isteach ar allmhairiú earraí lena gceadaítear don Bhealarúis a foinsí ioncaim a éagsúlú, rud a fhágann gur féidir léi a bheith rannpháirteach i bhfogha na Rúise faoin Úcráin, lena n-áirítear maidir le hamhábhair áirithe, miotail, mianraí áirithe, dramhchruach agus miotail eile, ceimiceáin, earraí rubair bholcánaithe agus fionnadhsheithí súdaraithe.

(11) Faoi láthair, is féidir le daoine dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí seachas daoine dlítheanacha, eintits nó comhlachtaí Bealarúiseacha, le daoine seachas iad siúd a liostaítear i Rialachán (CE) Uimh. 765/2006, agus le daoine seachas iad siúd atá ag gníomhú thar a gceann nó faoina dtreoir, éilimh a thabhairt in aghaidh cuideachtaí de chuid an Aontais a chomhlíonann bearta sriantacha, mar shampla nuair a scoireann oibreoirí de chuid an Aontais de tháirgí a bhfuil toirmeasc ar a n-onnmhairiú chuig an mBealarúis a sholáthar do dhaoine nádúrtha agus dlítheanacha i dtríú tíortha seachas an Bhealarúis. Dá bhrí sin, le Cinneadh (CBES) 2026/512 neartaítear creat an Aontais maidir le bearta sriantacha trí raon feidhme an toirmisc ar shásamh na n-éileamh a leathnú i ndáil le haon chonradh nó idirbheart a ndearna bearta sriantacha an Aontais difear dá fheidhmiú, go díreach nó go hindíreach, go hiomlán nó go páirteach. Dá bhrí sin, ba cheart raon feidhme an toirmisc i gCinneadh 2012/642/CBES maidir le sásamh na n-éileamh sin a leathnú freisin chun éilimh arna dtabhairt ag daoine nádúrtha nó dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí atá bunaithe i dtríú tíortha, seachas an Bhealarúis agus tíortha comhpháirtíochta a liostaítear san iarscríbhinn ábhartha a chumhdach, i gcás ina bhfuil na daoine nádúrtha nó dlítheanacha, na heintitis nó na comhlachtaí sin ag díol, ag soláthar, ag aistriú nó ag onnmhairiú earraí, teicneolaíocht nó seirbhísí a bhfuil toirmeasc ar a ndíol, a soláthar, a n-aistriú nó a n-onnmhairiú faoi Rialachán (CE) Uimh. 765/2006, bíodh siad de thionscnamh an Aontais nó ná bíodh.

(12) D'fhéadfadh sé go bhféachfadh daoine nádúrtha agus dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí, nó daoine, eintitis nó comhlachtaí atá faoi úinéireacht nó faoi rialú acu, le cinntí cúirte agus riaracháin de chuid na nBealarúise a fhorfheidhmiú, i dtríú tíortha seachas an Bhealarúis. Is féidir iarrachtaí den sórt sin a bhunú ar éilimh a bhaineann le conarthaí a ndéanann bearta sriantacha difear dóibh. Is iomchuí, dá bhrí sin, leathnú a dhéanamh an bhféidearthacht atá ag daoine nádúrtha nó dlítheanacha de chuid an Aontais damáistí a éileamh ó dhaoine, ó eintitis agus ó chomhlachtaí atá ag iarraidh, i dtríú tíortha seachas an Bhealarúis, forfheidhmiú na gcinntí sin de chuid na nBealarúise, nó a chomhoibríonn ina bhforfheidhmiú, agus ó dhaoine, ó eintitis nó ó chomhlachtaí atá faoi úinéireacht nó faoi rialú acu. Is iomchuí freisin é a chur ar a cumas don Chomhairle toirmeasc ar idirbhearta a fhorchur ar dhaoine nádúrtha nó dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí a iarrann fhorfheidhmiú, nó a chomhoibríonn i bhforfheidhmiú, chinntí na Bealarúise, ar cinntí iad atá bunaithe ar éilimh a bhaineann le conarthaí a ndéanann bearta sriantacha difear dóibh, chomh maith le ar dhaoine nádúrtha nó dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí a bhfuil na daoine dlítheanacha, na heintitis nó na comhlachtaí sin faoi úinéireacht nó faoi rialú acu.

(13) Tá Banc Náisiúnta na Bealarúise faoi réir le rúbal digiteach na Bealarúise a sheoladh, agus meastar go gcuirfear i gcúrsaíocht é sa dara leath de 2026 agus go n-úsáidfidh eintitis ghnó, eintitis stáit agus daoine aonair é de réir a chéile, agus go n-úsáidfear eatarthu féin é agus le hoibreoirí tríú tír. Níl an tionscadal ach ag an gcéim ullmhúcháin go fóill, ach is éard atá i gceist leis an rúbal digiteach, *inter alia,* córas íocaíochta a sholáthar lena gcosnófaí daoine Bealarúiseacha ar éifeacht na mbeart sriantach a leagtar síos i Rialachán (CE) Uimh. 765/2006. Dá bhrí sin, le Cinneadh (CBES) 2026/512 cuirtear toirmeasc ar pháirt a ghlacadh, go díreach nó go hindíreach, in aon idirbheart lena mbaineann airgeadra digiteach de chuid Banc Ceannais na Bealarúise nó ar aon tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt an tionscadail sin. Déantar foráil leis an gCinneadh sin freisin maidir le tréimhse theoranta chun conarthaí atá ann cheana a fhoirceannadh de réir a chéile.

(14) Is éard atá i gceist leis na bearta a rinne réimeas na Bealarúise le déanaí toirmeasc a chur ar oibríochtaí le haghaidh soláthraithe áirithe seirbhísí cripteashócmhainní eachtracha, rud a léiríonn go bhfuil sé ar intinn ag an réimeas sin oibríochtaí na soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní atá ag feidhmiú sa tír sin a rialú go dlúth. Ag an am céanna, tá córas rialála á fhorbairt ag an mBealarúis ina ndéantar dlúthmhaoirseacht stáit ar sholáthraithe seirbhísí cripteashócmhainní, agus tá rioscaí gaolmhara ann go n-úsáidfí cripteashócmhainní chun dul timpeall ar bhearta sriantacha an Aontais. Sna himthosca sin, dá sainaithneofaí gurb ionann a bhfuil á dhéanamh ag soláthraithe sonracha seirbhísí cripteashócmhainní agus bearta chun gur féidir dul timpeall ar bhearta sriantacha, ní mhaolófaí go leordhóthanach an baol go rachfaí timpeall ar bhearta sriantacha, ós rud é go bhféadfadh réimeas na Bealarúise soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní eile atá faoina rialú a úsáid chun na gcríoch aindleathach céanna. D'fhonn a áirithiú nach soláthraítear le cripteashócmhainní bealach chun dul timpeall ar bhearta sriantacha an Aontais, le Cinneadh (CBES) 2026/512 cuirtear toirmeasc, dá bhrí sin, ar idirbhearta le haon soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní atá bunaithe sa Bhealarúis nó le haon ardáin dhíláraithe atá bunaithe sa Bhealarúis lena gcumasaítear malartú nó aistriú cripteashócmhainní.

(15) Tagann na bearta sin faoi raon feidhme an Chonartha ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus, dá bhrí sin, tá gá le gníomhaíocht rialála ar leibhéal an Aontais, go háirithe d'fhonn a áirithiú go gcuirfear i bhfeidhm iad go haonfhoirmeach i ngach Ballstát.

(16) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (CE) Uimh. 765/2006 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 765/2006 mar seo a leanas:

(1) in Airteagal 1, cuirtear isteach na pointí seo a leanas:

'30. ciallaíonn "seirbhís slándála bhainistithe" seirbhís slándála bhainistithe mar a shainmhínítear i bpointe (14a) d'Airteagal 2 de Rialachán (AE) 2019/881 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*);

31. ciallaíonn "seirbhísí a bhaineann go díreach le gníomhaíochtaí turasóireachta" na seirbhísí seo a leanas:

(a) seirbhísí gníomhaireachta taistil agus tionscnóirí turas, lena n-áirítear seirbhísí a sholáthraíonn gníomhaireachtaí taistil agus tionscnóirí turas le haghaidh taisteal paisinéirí agus seirbhísí comhchosúla; seirbhísí faisnéise taistil, comhairle agus pleanála; seirbhísí a bhaineann le turais, cóiríocht, agus iompar paisinéirí agus bagáiste a shocrú; seirbhísí eisiúna ticéad;

(b) seirbhísí treoraithe turasóireachta;

(c) seirbhísí fógraíochta a bhaineann leis na seirbhísí dá dtagraítear i bpointí (a) agus (b).

(*) Rialachán (AE) 2019/881 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 maidir le ENISA (Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chibearshlándáil) agus maidir le deimhniú i ndáil le cibearshlándáil theicneolaíocht na faisnéise agus na cumarsáide agus lena n aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 526/2013 (an Gníomh um Chibearshlándáil) (IO L 151, 7.6.2019, lch. 15, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/881/2025-02-04).';

(2) leasaítear Airteagal 1bb mar a leanas:

(a) scriostar míreanna 3a, 3b agus 3c;

(b) cuirtear isteach an mhír seo a leanas:

'3e. Ní bheidh feidhm ag na toirmisc i míreanna 1 agus 3 maidir le díol, soláthar, aistriú ná onnmhairiú earraí a thagann faoi chóid AC 2931, 2932, 4001, 4015, 4016, 6805, 7318, 7325, 8209 agus 8311, mar a liostaítear in Iarscríbhinn XVIII, a bhfuil gá leo chun na conarthaí a thugtar i gcrích roimh an 25 Iúil 2026, nó i gcás conarthaí coimhdeacha is gá chun na conarthaí sin a fhorghníomhú.';

(c) cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

‘14b. De mhaolú ar mhír 2, féadfaidh na húdaráis inniúla idirthuras earraí agus teicneolaíochta a thagann faoi chód AC 3403 19 80 mar a liostaítear in Iarscríbhinn XIX a onnmhairítear ón Ungáir trí chríoch na Bealarúise a údarú, tar éis dóibh a chinneadh go bhfuil na hearraí nó an teicneolaíocht sin ceaptha don Asarbaiseáin.’;

(d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 15:

‘15. Agus cinneadh á dhéanamh maidir le hiarrataí ar údaruithe chun na gcríoch a áirítear i míreanna 8, 10, 12, 13, 14 agus 14a, ní dhéanfaidh na húdaráis inniúla údarú a dheonú le haghaidh onnmhairí d’aon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht sa Bhealarúis nó lena n-úsáid sa Bhealarúis, má tá forais réasúnacha acu chun a chreidiúint go bhféadfadh úsáid deiridh mhíleata a bheith ag na hearraí.’;

(e) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 16:

‘16. Cuirfidh an Ballstát lena mbaineann na Ballstáit eile agus an Coimisiún ar an eolas faoi aon údarú a dheonaítear faoi mhír 8, 10, 12, 13, 14, 14a nó 14b laistigh de 2 sheachtain ón údarú.’;

(3) in Airteagal 1e(4), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (h):

‘(h) an chibearshlándáil agus slándáil faisnéise a áirithiú do dhaoine dlítheanacha, d’eintitis agus do chomhlachtaí sa Bhealarúis atá faoi úinéireacht nó faoi rialú go haonarach nó i gcomhpháirt ag duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá corpraithe nó comhdhéanta faoi dhlí Ballstáit;’;

(4) in Airteagal 1f(4), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (h):

‘(h) an chibearshlándáil agus slándáil faisnéise a áirithiú do dhaoine dlítheanacha, d’eintitis agus do chomhlachtaí sa Bhealarúis atá faoi úinéireacht nó faoi rialú go haonarach nó i gcomhpháirt ag duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá corpraithe nó comhdhéanta faoi dhlí Ballstáit;’;

(5) leasaítear Airteagal 1jc mar a leanas:

(a) cuirtear na míreanna seo a leanas isteach:

‘4b. Ón 25 Bealtaine 2026, beidh toirmeasc ar sheirbhísí slándála bainistithe a sholáthar, go díreach nó go hindíreach, do na páirithe seo a leanas:

(a) Poblacht na Bealarúise, a Rialtas, a comhlachtaí poiblí, a corparáidí nó a gníomhaireachtaí poiblí; nó

(b) aon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht ag gníomhú dó thar ceann nó faoi threoir Phoblacht na Bealarúise, a Rialtas, a comhlachtaí poiblí, a corparáidí nó a gníomhaireachtaí.

4c. Beidh toirmeasc ar sheirbhísí a sholáthar a bhaineann go díreach le gníomhaíochtaí turasóireachta sa Bhealarúis.’;

(b) i mír 5, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí (a) agus (b):

‘(a) cúnamh teicniúil, seirbhísí bróicéireachta nó seirbhísí eile a bhaineann leis na seirbhísí agus na bogearraí dá dtagraítear i míreanna 1 go 4b a sholáthar, go díreach nó go hindíreach, do Phoblacht na Bealarúise, dá Rialtas, dá comhlachtaí poiblí, dá corparáidí nó dá gníomhaireachtaí, nó d’aon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá ag gníomhú thar ceann nó faoi threoir an duine dhlítheanaigh, an eintitis nó an chomhlachta sin;

(b) maoiniú nó cúnamh airgeadais a bhaineann leis na seirbhísí agus bogearraí dá dtagraítear i míreanna 1 go 4b a sholáthar, nó chun cúnamh teicniúil gaolmhar, seirbhísí bróicéireachta nó seirbhísí eile a sholáthar, go díreach nó go hindíreach, do Phoblacht na Bealarúise, dá Rialtas, dá comhlachtaí poiblí, dá corparáidí nó dá gníomhaireachtaí, nó d’aon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá ag gníomhú thar ceann nó faoi threoir an duine dhlítheanaigh, an eintitis nó an chomhlachta sin; nó’;

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5 a:

‘5a. Beidh gá le réamhúdarú chun aon seirbhís nach gcumhdaítear le míreanna 1, 2, 3, 4a, 4b ná 4c a sholáthar, go díreach nó go hindíreach, do Phoblacht na Bealarúise, dá Rialtas, dá comhlachtaí poiblí, dá corparáidí nó dá gníomhaireachtaí. Féadfaidh na húdaráis inniúla soláthar seirbhísí den sórt sin a údarú, bunaithe ar mheasúnú sonrach cás ar chás, faoi cibé coinníollacha a mheasfaidh siad a bheith iomchuí, tar éis dóibh a chinneadh go bhfuil sé sin comhsheasmhach le cuspóirí an Rialacháin seo.’;

(d) cuirtear isteach an mhír seo a leanas:

‘5b. Ní bheidh feidhm ag mír 5a maidir le soláthar seirbhísí, go díreach nó go hindíreach, ar seirbhísí iad nach gcumhdaítear le míreanna 1, 2, 3, 4a, 4b ná 4c d’ionadaíocht chonsalach nó taidhleoireachta de chuid na Bealarúise atá lonnaithe i mBallstát, i gcás ina bhfuil géarghá leis na seirbhísí sin le haghaidh fheidhmiú na hionadaíochta sin.’;

(e) cuirtear isteach an mhír seo a leanas:

‘10c. Ní bheidh feidhm ag mír 4c maidir leis an bhforghníomhú maidir le conarthaí a thugtar i gcrích roimh an 25 Meitheamh 2026 go dtí an 24 Aibreán 2026, nó conarthaí coimhdeacha is gá chun conarthaí den sórt sin a fhorghníomhú.’;

(6) in Airteagal 1ra, cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

‘9e. I dtaca leis na hearraí a thagann faoi chóid AC 2501, 2517, 2522, 2530, 2620, 2815, 2833, 2916, 2926, 4016, 7403, 7404, 7406 agus 7610, ní bheidh feidhm ag na toirmisc i míreanna 1 agus 2 maidir le forghníomhú conarthaí a thugtar i gcrích roimh an 25 Iúil 2026 go dtí an 24 Aibreán 2026, nó conarthaí coimhdeacha is gá chun na conarthaí sin a fhorghníomhú.’;

(7) in Airteagal 1zb(1a), cuirtear na pointí seo a leanas leis:

‘(f) idirbhearta a bhfuil gá leo chun glacadh le híocaíochtaí atá dlite ó na daoine dlítheanacha, na heintitis nó na comhlachtaí dá dtagraítear in Iarscríbhinn XV de bhun conarthaí agus oibleagáidí a comhlíonadh roimh an 24 Aibrean 2026;

(g) idirbhearta a bhfuil géarghá leo chun táillí gairmiúla réasúnta a íoc nó chun speansais arna dtabhú a bhaineann le soláthar seirbhísí dlí a aisíoc;

(h) idirbhearta a bhfuil gá leo le haghaidh riachtanais eagraíochtaí idirmheánacha státchistithe le haghaidh bheartas cultúrtha eachtrach na mBallstát sa Bhealarúis.’;

(8) cuirtear na hairteagail seo a leanas isteach:

‘*Airteagal 1zd*

1. Beidh toirmeasc ar ghabháil, go díreach nó go hindíreach, d’aon idirbheart le duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht a fhéachann le breithiúnais a fhorfheidhmiú lasmuigh den Aontas lena sásaítear éilimh dá dtagraítear in Airteagal 8h(1), nó a chomhoibríonn san fhorfheidhmiú sin, nó le daoine nádúrtha nó dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí a bhfuil na daoine dlítheanacha, na heintitis nó na comhlachtaí sin faoi úinéireacht nó faoi rialú acu, cé is moite de dhlíodóirí agus de chomhaltaí den bhreithiúnacht, mar a liostaítear in Iarscríbhinn XXXIII.

2. Mura dtoirmisctear ar bhealach eile iad, ní bheidh feidhm ag na toirmisc i mír 1 maidir leis na hidirbhearta seo a leanas:

(a) idirbhearta a bhfuil gá leo chun táirgí cógaisíochta, leighis, talmhaíochta agus bia a cheannach, a allmhairiú nó a iompar, lena n-áirítear cruithneacht agus leasacháin a gceadaítear a gceannach, a n-allmhairiú agus a n-iompar faoin Rialachán seo;

(b) idirbhearta a bhfuil gá leo chun rochtain ar imeachtaí breithiúnacha, riaracháin nó eadrána i mBallstát a áirithiú, agus chun aitheantas nó forfheidhmiú a dhéanamh maidir le breithiúnas nó dámhachtain eadrána arna soláthar i mBallstát, ar choinníoll go bhfuil idirbhearta den sórt sin comhsheasmhach le cuspóirí an Rialacháin seo;

(c) idirbhearta atá gan dochar do phointe (b) den mhír seo, idirbhearta a bhfuil géarghá leo chun cúiteamh a fháil i leith damáistí de bhun Airteagal 8h.

Airteagal 1ze

Beidh toirmeasc ar ghabháil, go díreach nó go hindíreach, d'aon idirbheart a bhaineann leis na cripteashócmhainní nó le hairgeadraí digiteacha bainc ceannais a liostaítear in Iarscríbhinn XXXIV, nó aon tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt na gcripteashócmhainní sin nó na n-airgeadraí digiteacha sin de chuid bainc ceannais.

Airteagal 1zf

1. Beidh toirmeasc ar ghabháil, go díreach nó go hindíreach, d'aon idirbheart le duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht ar eintiteas é a sholáthraíonn seirbhísí cripteashócmhainní nó ar ardán é lena gcumasaítear cripteashócmhainní a mhalartú nó a aistriú agus atá bunaithe sa Bhealarúis.

2. Ní bheidh feidhm ag an toirmeasc i mír 1 maidir leis na hidirbhearta seo a leanas:

(a) idirbhearta a bhfuil gá leo maidir le feidhmiú ionadaíochtaí taidhleoireachta agus consalacha an Aontais agus na mBallstát nó tíortha comhpháirtíochta sa Bhealarúis, lena n-áirítear toscaireachtaí, ambasáidí agus misin, nó eagraíochtaí idirnáisiúnta sa Bhealarúis a thairbhíonn de dhíolúintí i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta;

(b) idirbhearta arna ndéanamh ag náisiúnaigh de Bhallstáit ar a bhfuil cónaí orthu sa Bhealarúis agus a bhí amhlaidh roimh an 24 Feabhra 2022.

3. Beidh feidhm ag an toirmeasc i mír 1 ón 24 Bealtaine 2026.';

(9) in Airteagal 8d(1), cuirtear an pointe seo a leanas isteach:

'(e) aon duine nádúrtha ó thríú tír nach náisiúnach de chuid na Bealarúise é, agus aon duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá bunaithe i dtríú tír seachas an Bhealarúis, cé is moite de thíortha comhpháirtíochta a liostaítear in Iarscríbhinn Vba a ghabhann leis an Rialachán seo, a dhíolann, a sholáthraíonn, a aistríonn nó a onnmhairíonn earraí, teicneolaíocht agus seirbhísí a bhfuil toirmeasc ar a ndíol, a soláthar, a n-aistriú nó a n-onnmhairiú faoin Rialachán seo, bíodh siad de thionscnamh an Aontais nó ná bíodh, leis na daoine, na heintitis nó na comhlachtaí dá dtagraítear i bpointe (a), (b), (c) nó (d) den mhír seo nó lena n-úsáid sa Bhealarúis.';

(10) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 8h:

'*Airteagal 8h*

1. Aon duine dá dtagraítear sa tríú nó sa cheathrú fhleasc d'Airteagal 10, beidh sé i dteideal, in imeachtaí breithiúnacha os comhair chúirteanna inniúla an Bhallstáit, aon damáiste díreach nó indíreach a aisghabháil, lena n-áirítear costais dlí, arna dtabhú ag an duine sin, nó ag duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht ar leis an duine dá dtagraítear sa cheathrú fhleasc d'Airteagal 10 é nó atá á rialú aige, mar thoradh ar éilimh arna dtaisceadh i gcúirteanna i dtríú tíortha ag daoine, eintitis agus comhlachtaí dá dtagraítear in Airteagal 8d(1), pointí (a), (b) nó (c) nó (d), i dtaca le haon chonradh nó idirbheart a bhfuil difear á dhéanamh dá fheidhmiú, go díreach nó go hindíreach, ag na bearta a fhorchuirtear faoin Rialachán seo, ar choinníoll nach bhfuil rochtain éifeachtach ag an duine lena mbaineann ar na leigheasanna faoin dlínse ábhartha. Féadfar damáistí den sórt sin a aisghabháil ó na daoine, na heintitis nó na comhlachtaí dá dtagraítear in Airteagal 8d(1), pointí (a), (b) nó (c) nó (d) a thaisc na héilimh leis na cúirteanna sa tríú tír, nó ó dhaoine, ó eintitis nó ó chomhlachtaí a bhfuil na heintitis nó na comhlachtaí sin faoina n-úinéireacht nó faoina rialú.

2. Gan dochar do mhír 1, aon duine dá dtagraítear sa tríú nó sa cheathrú fhleasc d'Airteagal 10, beidh sé i dteideal, in imeachtaí breithiúnacha os comhair chúirteanna inniúla an Bhallstáit, aon damáiste díreach nó indíreach a aisghabháil, lena n-áirítear costais dlí, arna dtabhú ag an duine sin, nó ag duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá faoi úinéireacht an duine dá dtagraítear sa cheathrú fhleasc d'Airteagal 10 nó atá á rialú aige, mar thoradh ar urghairí, orduithe, fóirithintí, breithiúnais nó cinntí breithiúnacha nó riaracháin eile a tugadh i dtríú tíortha seachas an Bhealarúis, a fhéachann le cinntí lena seastar le héilimh dá dtagraítear i mír 1 a fhorfheidhmiú, ar choinníoll nach bhfuil rochtain éifeachtach ag an duine lena mbaineann ar na leigheasanna faoin dlínse ábhartha. Féadfar na damáistí sin a aisghabháil ó na daoine, na heintitis nó na comhlachtaí a lorgaíonn forfheidhmiú nó a chomhoibríonn i bhforfheidhmiú cinntí lena seastar le héilimh dá dtagraítear i mír 1 i dtríú tír seachas an Bhealarúis nó ó dhaoine, eintitis nó comhlachtaí a bhfuil na heintitis nó na comhlachtaí sin faoi úinéireacht nó faoi rialú acu, cé is moite dá ndlíodóirí agus de chomhaltaí den bhreithiúnacht, agus cé is moite de dhaoine dá dtagraítear sa tríú fleasc nó sa cheathrú fleasc d'Airteagal 10 nó daoine dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí atá faoi uinéireacht nó faoi rialú na daoine dá dtagraítear sa cheathrú fleasc d'Airteagal 10, ar eisíodh breithiúnas ina gcoinne lena seastar le héilimh dá dtagraítear i mír 1.';

(11) leasaítear na hIarscríbhinní i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 23 Aibreán 2026.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

M. RAOUNA

IARSCRÍBHINN

Leasaítear na hIarscríbhinní a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 765/2006 mar a leanas:

(1) leasaítear Iarscríbhinn Va mar a leanas:

(a) i gCuid A, Catagóir VIII, roinn X.C.VIII.005, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír a.:

'a. Dé-isicianáit tolúéine, in aon fhoirm isiméireach (CAS 584-84-9, 91-08-7, 26471-62-5);';

(b) i gCuid A, Catagóir IX, cuirtear an roinn seo a leanas isteach:

'X.C.IX.017 Ábhair bhealaithe, sreabháin bhealaithe agus breiseáin díobh, nach rialaítear le 1C006, mar a leanas:

a. Olaí bealaithe ar fíor ina leith na saintréithe uile seo a leanas:

1. "Doirtphointe" 218,15 K (- 55 °C) nó níos lú; agus

2. "Splancphointe" 478,15 K (205 °C) nó níos mó;

Nótaí Teicniúla:

1. *Chun críoch rialú X.C.IX.017, cinntear "doirtphointe" trí úsáid a bhaint as an modh a dtugtar tuairisc air in ISO 3016 nó "caighdeáin choibhéiseacha".*

2. *Chun críoch rialú X.C.IX.017, cinntear "splancphointe" trí úsáid a bhaint as an modh a dtugtar tuairisc air in ISO 2592 nó "caighdeáin choibhéiseacha".*

b. Gréisceanna bealaithe ar fíor ina leith na saintréithe uile seo a leanas:

1. Íosteocht oibriúcháin is lú ná 233,15 K (- 40 °C);

2. Uasteocht oibriúcháin is mó ná 413,15 K (140 °C); agus

3. "Braonphointe" 523,15 K (250 °C) nó níos mó;

Nóta Teicniúil:

Chun críoch rialú X.C.IX.017, cinntear "braonphointe" trí úsáid a bhaint as an modh a dtugtar tuairisc air i ISO 2176 nó "caighdeáin choibhéiseacha".

c. Sreabháin mhaolúcháin nó snámhachta ina bhfuil aon cheann díobh seo a leanas:

1. Débhrómaiteitreafhluaireatán (CAS 25497-30-7, 124-73-2, 27336-23-8);

2. Polaclóraithrífhluaireitiléin (CAS 9002-83-9); nó

3. Polabrómaithrífhluaireitiléin (CAS 55157-25-0);

d. Srebháin fluaracarbóin ina bhfuil aon cheann díobh seo a leanas:

1. Foirmeacha monaiméireacha de thrí-aisíní-sárfhluarapholailciléitear nó d'éitir-sárfhluaralafatacha;

2. Sárfhluarailcilimíní;

3. Sárfhluaracioglalcáin; nó

4. Sárfhluaralcáin;

e. Sreabháin mhaighnéadaisreabheolaíocha.

f. Breiseáin mar a leanas:

1. Ailcildéfheiniolaimíní (Uimhir CAS 68921-45-9);

2. Frithocsaídeoir BX AO 5057 (CAS 68411-46-1);

3. Hiodrocsanasól búitilithe (CAS 25013-16-5);

4. Hiodrocsatolúéin bhúitilithe (CAS 128-37-0);

5. Dé-ailcildéthiacarbamáití:

a) Dé-ailcildéthiacarbamáit mholaibdéinim (CAS 253873-83-5);

b) Dé-ailcildéthiacarbamáit since (CAS 14324-55-1);

c) Dé-ailcildéthiacarbamáit biosmait (CAS 21260-46-8);

6. Déshuilfídí:

a) Déshuilfíd mholaibdéinim (CAS 1317-33-5);

b) Déshuilfíd tungstain (CAS 12138-09-9);

7. Déthiafosfáití:

a) Déthiafosfáit mholaibdéinim (CAS 72030-25-2);

b) Déthiafosfáití since (CAS 19210-06-1);

8. N-feinil-1,1,3,3-teitrimeitiolbúitiolnaftailéin-1-aimín (CAS 90-30-2);

9. Trífheiniolfosfaraitianáit (CAS 597-82-0);

10. Fosfáit tríchréisile; nó

11. Dé-ailcildéthiafosfáit since (CAS 68649-42-3 agus 68457-79-4).';

(c) i gCuid B, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an Tábla ‘10. Nithe ilghnéitheacha’:

‘10. Ilghnéitheach

Cód AC	Tuairisc
7017	Earraí gloine saotharlainne, sláinteachais nó cógaisíochta, bídís grádaithe nó calabraithe nó ná bíodh
8807 30	Páirteanna eile d’eitleáin, héileacaptair agus aerárthaí gan foireann’;

(2) in Iarscríbhinn Vba, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an cheannteidil:

‘IARSCRÍBHINN Vba

Liosta na dtíortha dá dtagraítear in Airteagail 1v(1a), 1v(1b), 1za(2), 7(2a), 8d(1), 8g(1), agus 8ga(2)’;

(3) leasaítear Iarscríbhinn XVIII mar a leanas:

(a) cuirtear isteach na hiontrálacha seo a leanas:

Cód AC	Tuairisc
‘2931	Comhdhúile orgána-neamhorgánacha eile
Ex 2932	Comhdhúile heitreafháinneacha nach bhfuil iontu ach heitrea-adamh/adaimh ocsaigine, seachas cód AC 2932 20
3603	Fiúsanna sábháilteachta; corda maidhmithe; caipíní forbhuailte nó maidhmithe; adhainteoirí; maidhmitheoirí leictreacha
4001	Rubar nádúrtha, *balata*, *gutta-percha*, *guayula*, *chicle* agus gumaí nádúrtha comhchosúla, i bhfoirmeacha príomhúla nó i bplátaí, ina leatháin nó ina stiallacha
4007	Snáithe agus corda rubair bholcánaithe
Ex 4015	Baill éadaigh nó gabhálais éadaigh (lena n-áirítear lámhainní, mitíní agus miotóga), déanta as rubar bolcánaithe seachas rubar crua, seachas i gcás chód AC 4015 12
4016	Nithe eile atá déanta as rubar bolcánaithe seachas rubar crua’;

(b) scriostar an iontráil seo a leanas:

Cód AC	Tuairisc
‘4016 93	Gaiscéid, leicneáin agus séalaí eile, as rubar bolcánaithe (seachas rubar crua agus rubar ceallach)’;

(c) cuirtear na hiontrálacha seo a leanas isteach:

Cód AC	Tuairisc
‘4017	Rubar crua (mar shampla, éabainnít) i ngach foirm dá bhfuil ann, lena n-áirítear dramhaíl agus fuíoll; nithe déanta as rubar crua
6805	Púdar nó grán scríobach nádúrtha nó saorga, ar bhonn d’ábhar teicstíle, páipéar, páipéarchlár nó ábhar eile, bíodh sé gearrtha de réir an chrutha nó fuaite nó déanta ar bhealach eile nó ná bíodh
7318	Scriúnna, boltaí, cnónna, scriúnna cóiste, crúcaí scriú, seamanna, leicníní, pionnaí leicnín, leicneáin (lena n-áirítear leicneáin ar sprionga) agus earraí den chineál céanna, iad déanta as iarann nó as cruach’;

(d) scriostar an iontráil seo a leanas:

Cód AC	Tuairisc
‘7318 24	Ceallraí agus pionnaí leicnín, iad déanta as iarann nó as cruach’;

(e) cuirtear na hiontrálacha seo a leanas isteach:

Cód AC	Tuairisc
‘7325	Earraí teilgthe eile as iarann nó as cruach
8209	Plátaí, maidí, soic agus a leithéid le haghaidh uirlisí, nach bhfuil suite, as ceirméid
8311	Sreang, slata, feadáin, plátaí, leictreoidí agus táirgí comhchosúla, iad déanta as táirmhiotal nó as cairbídí miotail atá brataithe le hábhar flosca, nó ábhar flosca ina gcroílár, de chineál a úsáidtear chun miotal nó cairbídí miotail a shádráil, a phrásáil, a tháthú nó a dheascadh; sreang agus slata, iad déanta as púdar comhdhlúite táirmhiotail, a úsáidtear chun miotal a spraeáil
8701 95 90	Tarracóirí (seachas tarracóirí atá faoi cheannteideal 8709), a bhfuil cumhacht innill is mó ná 130 kW acu (gan tarracóirí arna rialú ag coisithe, tarracóirí bóthair le haghaidh leathleantóirí, tarracóirí snámhaíola agus tarracóirí talmhaíochta/foraoiseachta ar rothaí a chuimsiú)’;

(4) in Iarscríbhinn XIX, cuirtear an iontráil seo a leanas isteach:

Cód AC	Tuairisc
‘3403	Ullmhóidí bealaithe (lena n-áirítear ullmhóidí ola gearrtha, ullmhóidí scaoilte boltaí nó cnónna, ullmhóidí frithmheirgithe nó frithchreimthe agus ullmhóidí scaoilte múnlaí, bunaithe ar bhealaí) agus ullmhóidí de chineál a úsáidtear chun ábhair theicstíle, leathar, fionnadhsheithí agus ábhair eile a chóireáil le hola nó le bealadh ach cé is moite d’ ullmhóidí ina bhfuil, mar chomhábhair bhunúsacha, cion meáchain 70 % nó níos mó d’olaí peitriliam nó d’olaí a fhaightear ó mhianraí biotúmanacha de réir meáchain a áireamh’;

(5) in Iarscríbhinn XXV, Tábla ‘(9) Feithiclí chun daoine a iompar ar an talamh, san aer nó ar muir ar mó a luach ná EUR 50 000 an ceann, telefeiricí, cathaoireacha cábla, línte sciála, meicníochtaí tarraingthe le haghaidh cáblach, gluaisrothar agus rothar ar mó a luach ná EUR 5 000 an ceann, chomh maith lena ngabhálais agus a bpáirteanna spártha’, scriostar na hiontrálacha seo a leanas:

‘ex	4011 10 00	De chineál a úsáidtear ar ghluaisteáin (lena n-áirítear cairr fhada agus cairr rásaíochta)
ex	4011 40 00	De chineál a úsáidtear ar ghluaisrothair
ex	4011 90 00	Eile’;

(6) leasaítear Iarscríbhinn XXVII mar a leanas:

(a) cuirtear na hiontrálacha seo a leanas isteach:

Cód AC	Ainm an earra
‘2501	Salann (lena n-áirítear salann boird agus salann dínádúraithe) agus clóiríd sóidiam íon, bídís i dtuaslagán uiscí nó ná bídís nó a bhfuil gníomhaithe frithstolptha nó gníomhaithe saorshreafa curtha leo; uisce mara
2517	Púróga, gairbhéal, cloch bhriste nó bhrúite, de chineál is gnách a úsáid i dtathagú coincréite, i ródmhiotalú nó in iarnród nó ballasta eile, scaineagán agus breochloch, bídís teaschóireáilte nó ná bídís; macadam slaige, drais nó dramhaíola tionsclaíche comhchosúla, bíodh na hábhair a luaitear sa chéad chuid den cheannteideal iontu nó ná bíodh; tarramhacadam; gráinníní, sliseanna agus púdar, ó chlocha atá faoi cheannteideal 2515 nó 2516, bídís teaschóireáilte nó ná bídís
2519	Carbónáit mhaignéisiam nádúrtha (maignéisít); maignéis chomhleáite; maignéis atá cailcínithe amach (sintéaraithe), bíodh cainníochtaí beaga ocsaídí eile inti a cuireadh léi roimh an sintéarú nó ná bíodh; ocsaíd mhaignéisiam eile bíodh sé íon nó ná bíodh
2522	Aol beo, aol teilgthe agus aol hiodrálach, seachas ocsaíd chailciam agus hiodrocsaíd atá faoi cheannteideal 2825
2530	Substaintí mianracha nach bhfuil sonraithe ná áirithe in áit eile
2601	Iarnmhianta agus tiúcháin díobh, lena n-áirítear pirítí iarainn atá rósta
2619	Slaig, drais (seachas slaig ghránaithe), scamhacháin agus dramhaíl eile ó mhonarú iarainn nó cruaiche

Cód AC	Ainm an earra
2620	Slaig, luaith agus iarmhair (seachas ó mhonarú iarainn nó cruaiche) ina bhfuil miotail, arsanaic nó a gcomhdhúile
2621	Slaig agus luaith eile, lena n-áirítear luaith feamainne (ceilp); luaith agus iarmhair ó dhramhaíl chathrach a loscadh
2804 61	Sileacan ina bhfuil ≥ 99,99 % de réir meáchain sileacain
2804 69	Sileacan ina bhfuil < 99,99 % de réir meáchain sileacain
2814	Amóinia, í ainhidriúil nó i dtuaslagán uiscí
2815	Hiodrocsaíd sóidiam (sóid loiscneach); hiodrocsaíd photaisiam (potais loiscneach); sárocsaídí sóidiam nó potaisiam
2816	Hiodrocsaíd agus sárocsaíd mhaignéisiam; ocsaídí, hiodrocsaídí agus sárocsaídí, de strointiam nó de bhairiam
2833	Sulfáití; alúim; sárocsasulfáití (sárshulfáití)
2849	Cairbídí, bídís sainithe ó thaobh ceimice nó ná bídís’;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála ‘ex 2825’:

Cód AC	Ainm an earra
‘ex 2825	Hiodraisín agus hiodrocsalaimín agus a gcuid salann neamhorgánach; bunanna neamhorgánacha eile; ocsaídí miotail, hiodrocsaídí agus sárocsaídí eile, seachas cóid AC 2825 30 00’;

(c) cuirtear na hiontrálacha seo a leanas isteach:

Cód AC	Ainm an earra
‘2910	Eapocsaídí, eapocsa-alcóil, eapocsaifeanóil agus eapocsai-éitir, ag a bhfuil fáinne tríbhallach, agus a ndíorthaigh halaiginithe, sulfónaithe, níotráitithe nó níotrósaithe
2916	Aigéid mhonacarbocsaileacha neamhchioglacha neamhsháithithe, aigéid mhonacarbocsaileacha chioglacha, a n-ainhidrídí, a hailídí, a sárocsaídí agus a sárocsa-aigéid; a gcuid díorthach halaiginithe, sulfónaithe, níotráitithe nó níotrósaithe
2926	Comhdhúile feidhme nítríle
4016	Nithe eile atá déanta as rubar bolcánaithe seachas rubar crua
4302	Fionnadhsheithí súdaraithe (lena n-áirítear cinn, eireabaill, lapaí agus píosaí nó gearrtháin eile), nach bhfuil coimeáilte, nó atá coimeáilte (gan ábhair eile a bheith curtha leo) seachas na cinn sin faoi cheannteideal 4303
Ex 7110	Platanam, é neamhshaoirsithe nó i bhfoirmeacha leathmhonaraithe, nó i bhfoirm púdair, seachas cóid AC 7110 21 agus 7210 29

Cód AC	Ainm an earra
7401	Maití copair; copar stroighne (copar deasctha)
7402	Copar gan mhínghlanadh; anóidí copair le haghaidh mínghlanadh leictrealaíoch
7403	Copar mínghlanta agus cóimhiotail chopair, neamhshaoirsithe
7404	Fuíoll agus dramhaíl chopair
Ex 7406	Púdair agus calóga copair, seachas púdar copair deindrítigh
7503	Fuíoll agus dramhaíl nicile
7504	Púdair agus calóga nicile
7505	Barraí, slata, próifílí agus sreang nicile
7602	Fuíoll agus dramhaíl alúmanaim
7603	Púdair agus calóga alúmanaim
7610	Struchtúir alúmanaim (cé is moite d'fhoirgnimh réamhdhéanta atá faoi cheannteideal 9406) agus codanna de struchtúir (mar shampla, droichid agus codanna droichid, túir, crainn laitíse, díonta, creatlacha dín, doirse agus fuinneoga agus a bhfrámaí mar aon le tairseacha dorais, balastráidí, piléir agus colúin); plátaí alúmanaim, slata, próifílí, feadáin agus a leithéid sin agus iad ullmhaithe le húsáid i struchtúir
7612	Bairillí, drumaí, cannaí, boscaí agus taisceadáin chomhchosúla (lena n-áirítear taisceadáin fheadánacha righne nó infhillte) agus iad déanta as alúmanam, le haghaidh aon ábhar (seachas gás comhbhrúite nó leachtaithe), a bhfuil toilleadh iontu nach mó ná 300 lítear, bídís línithe nó inslithe in aghaidh teasa nó ná bíodh, ach gan trealamh meicniúil ná teirmeach feistithe orthu
8102	Molaibdéineam agus earraí molaibdéinim, lena n-áirítear fuíoll agus dramhaíl
8104	Maignéisiam agus earraí maignéisiam, lena n-áirítear fuíoll agus dramhaíl
8105	Maití cóbailt agus táirgí idirmheánacha eile de mhiotalóireacht chóbailt; cóbailt agus earraí déanta as cóbalt, fuíoll agus dramhaíl san áireamh';

(7) cuirtear na hiarscríbhinní seo a leanas leo:

'IARSCRÍBHINN XXXIII

Daoine nádúrtha agus dlítheanacha, eintitis agus comhlachtaí dá dtagraítear in Airteagal 1zd

IARSCRÍBHINN XXXIV

Liosta na gcripteashócmhainní agus na n-airgeadraí digiteacha bainc ceannais dá dtagraítear in Airteagal 1ze

Cripteashócmhainní nó airgeadraí digiteacha bainc ceannais	Teacht i bhfeidhm
rúbal Digiteach na Bealarúise	an 24 Bealtaine 2026'.